# PLEAN AONAID FCÁT (SAMPLACH)

## EOLAÍOCHT

| **Aonad:** Substaintí<br>**Topaic:** Deighilt Meascán (Caibidil C3) | **Dáileadh Ama:** 10 dTréimhse<br>Bliainghrúpa: 1 |
|---|---|

**Torthaí Foghlama na Sraithe Sóisearaí (+ Briathra Gnímh)**

- **DC2:** Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire mionsamhlacha a **fhorbairt** agus a **úsáid** chun **cur síos a dhéanamh** ar nádúr adamhach an damhna; an chaoi a dtugann siad cuntas simplí ar imchoimeád na maise, athruithe staide, athrú fisiceach, athrú ceimiceach, meascáin, agus a ndeighilt a **thaispeáint**
- **DC4:** Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire substaintí a **rangú** mar dhúile, comhdhúile, meascáin, miotail, neamh-mhiotail, solaid, leachtanna, gáis agus tuaslagáin
- **DC6:** Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire airíonna ábhar difriúil a **iniúchadh** lena n-áirítear intuaslagthachtaí, seoltacht, leáphointí agus fiuchphointí

**Ábhar an Aonaid**

- Airíonna atá ag substaintí i meascáin, lena n-áirítear fiuchphointe, agus intuaslagthacht
- Úsáid a bhaint as difríocht sna hairíonna thuasluaite le teacht ar chaoi chun substaintí a dheighilt
- Scagachán agus úsáideanna laethúla
- Galú agus úsáideanna laethúla
- Driogadh agus úsáideanna laethúla
- Crómatagrafaíocht Pháipéir

**Eispéiris Foghlama**

- Turgnamh: Meascáin gaineamh agus uisce a dheighilt le scagachán
- Gníomhaíocht: Léaráid de cháithníní a úsáid chun scagachán a thaispeáint
- Turgnamh: Meascán salann agus gaineamh a dheighilt le scagachán agus galú
- Turgnamh: meascán salann agus uisce a dheighilt le driogadh
- Turgnamh: dúch a dheilílt le chromatagrafaíocht pháipéar

**FCÁT**

- Na hEochairfhocail: Meascán, Tuaslagán, Tuaslagtha, Intuaslagtha, Deighilt, Scagachán, Scagáit, Iarmhar, Galú, Mias Galaithe, Driogadh, Comhdhlúthadán Leibig, Fiuchphointe, Driogáit, Crómatagrafaíocht
- Réimniú na mBriathra: Deighil, Scag, Galaigh
- Gramadach: Tuairisc thurgnaimh sa saorbhriathar aimsir chaite, inscne ainmfhocail (lipéid ar léaráidí)

**Uimhearthacht**

- Úsáid agus léamh na meá, maiseanna na gceimiceán i ngraim (g), siombail na n-aonad
- Úsáid an sorcóra ghrádaithe, toirt na leachtanna ina millilítear (mL), siombal na n-aonad

**Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim**

- Gníomhaíocht - conas a d'fhéadfá uisce íon a tháirgeadh ó sháile dá mbeifeá sáinnithe ar oileán tréigthe.

**Acmhainní**

- Trealamh Saotharlainne
- PhET Sims
- Táirseach COGG
- Téacsleabhar

**Measúnú**

- Ceisteanna obair bhaile
- Caighdeán na hoibre praiticiúla agus toradh
- Rúibric ghrádála ar thuairisc thurgnaimh
- Scrúdú ag deireadh na caibidle

**Trasnú le hÁbhar eile an Churaclaim**

- Eac. Bhaile - Ag scagadh pasta, ag beiriú alcól as

**Machnamh an Mhúinteora**

# PLEAN AONAID FCÁT (SAMPLACH)

## MATAMAITIC

| Téama | Torthaí Foghlama |
|---|---|
| **Bliainghrúpa: Bliain 1**<br>**Uimhreas**<br>Codáin<br>Céatadáin<br>Deachúlacha | U.2 imscrúdú a dhéanamh ar léirithe coibhéiseacha ar uimhreacha cóimheasta ionas gur féidir leis an scoláire:<br>a. tiontú go héasca idir codáin, deachúlacha, agus céatadáin |
| **Teanga - Téarmaíocht agus Teanga Bhreise** | **Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim** |
| **Eochairfhocail an Ábhair**<br>Cuirtear béim ar eochairfhocail a chloisteáil, a léamh, a scríobh, a rá chomh minic agus is féidir: Codán, Leaschodán, Páirtchodán, Codán measctha, Deachúil, Céatadán<br>**Teanga Bhreise**<br>Cuirtear béim ar an stíl teanga a bhíonn sna páipéir scrúdaithe ach téarmaí níos simplí ar fáil in aice leo nuair a chabhraíonn sé:<br>Oibrigh Amach: Ríomh, Aimsigh Luach, Luacháil<br>Cuirtear nathanna agus tús abairtí ar fáil do scoláirí le linn gníomhaíochtaí éagsúla. | Úsaidtear raon modhanna chun tacaíocht agus dúshlán a thabhairt do gach scoláire le cinntiú go mbaineann siad amach torthaí foghlama an aonaid ach le scileanna ag a leibhéal cumais féin.<br>Cuirtear ar fáil:<br>• Eochairfhocail<br>• Réitigh céim ar chéim<br>• Úsáid gléas digiteach chun tacú leis an bhfoghlaim<br>• Rogha treoraithe ar leibhéal na gceisteanna agus na mbileog oibre<br>• Aiseolas difreáilte do scoláirí aonair |
| **Oideolaíochtaí** | **Scileanna** |
| Úsaidtear mórán modheolaíochtaí, teicnící agus straitéisí le linn na ranganna Mata. Ina measc tá:<br>• Piarfhoghlaim & Piarmheasúnú<br>• Seomra ranga bunoscionn<br>• Obair Aonair, Obair Bheirte, Obair Ghrúpa<br>• Múineadh díreach ón múinteoir<br>• Foghlaim trí Thionscnamh<br>• Foghlaim bunaithe ar dhúshláin mhatamaiticiúla | Ba chóir go mbeadh scoláirí ábalta:<br>• Codáin a léamh<br>• Codáin a shimpliú<br>• Codáin a shuimiú, a dhealú, a mhéadú agus a roinnt<br>• Athrú idir chodáin, leaschodáin agus uimhreacha measctha<br>• Codán, Céatadán, Deachúil d'uimhir a ríomh<br>• Athrú idir codáin, deachúlacha agus céatadáin<br>• Eolas ar Chodáin, Céatadáin, Deachúlacha a úsáid chun fadhbanna ón bhfíorshaol a réiteach |
| **Measúnú** | **Acmhainní** |
| • Ceisteanna Obair Bhaile<br>• Ceisteanna Aonair/Beirte/Grúpa le linn na ranganna<br>• Tionscamh Póstaer: Sladmhargadh sa siopa le scéim mharcála a chomhaontú mar rang roimh thús<br>• Miondúshláin ón bhfíorshaol nasctha leis Codáin/Céatadan/Deachúlacha le suim a spreagadh ag tús na ranganna<br>• Scrúdú Foirmitheach ag deireadh an aonaid | • Téacs agus Trialacha 1<br>• dbgmata.ie<br>• One Note<br>• Acmhainní déanta ag an múinteoir<br>• m.sh Dúshlán Rátail Imreoirí as 100 ó FIFA<br>• ChatGPT<br>• craicmatamaitic.com<br>• Iarpháipéir Scrúdaithe<br>• Canva |

# PLEAN AONAID FCÁT (SAMPLACH)

## BLIAINGHRÚPA: BLIAIN 2

| | |
|---|---|
| **Aonad:** "Bímis Inbhuanaithe" Meán Fómhair<br>**Topaic:** "Rogha le Rian" - Inbhuanaitheacht Bhia agus Scileanna Cócaireachta | **Dáileadh Ama:** 4 seachtaine (8 x 60 nóim nó 4 x 80 nóim agus 4 x 40 nóim) |

**Torthaí Foghlama na Sraithe Sóisearaí (+ Briathra Gnímh)**

- 2.7 na bealaí a shainaithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach
- 2.8 cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh
- 2.10 scileanna cinnteoireachta tomhaltóra a chur i bhfeidhm chun acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a láimhseáil don saol laethúil
- 1.16 cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhar a roghnú agus a bhainistiú
- 1.3 raon de phrionsabail & teicnící cócaireachta a chur i bhfeidhm chun béilí sláintiúla a ullmhú don duine aonair agus don teaghlach & cúrsaí buiséid á gcoimeád i gcuimhne chomh maith

| | |
|---|---|
| **Ábhar an Aonaid**<br>• An tomhaltóir freagrach<br>• Éifeachtúlacht & inbhuanaitheacht sa bhaile<br>• Inbhuanaitheacht bhia<br>• Cócaireacht gan dramhaíl & ar bhuiséad<br>• Scileanna cócaireachta | **Eispéiris Foghlama**<br>• Suirbhé & Díospóireacht<br>– 'An bhfuil scoláirí an ranga seo ina n-éiclaochra?'<br>• Dúshlán cócaireachta inbhuanaithe<br>– Critéir ratha lena n-áirítear: bia áitiúil / séasúrach, buiséad sonraithe & modhanna cócaireachta atá tíosach ar fhuinneamh |
| **Litearthacht/FCÁT**<br>• Eochairfhocail - inbhuanaitheacht, inmharthanacht, comhshaol, bia-aistir, cóirthrádáil, lorg carbóin, athrú aeráide<br>• Feasacht Teanga: Feasacht a ardú i leith téarmaí idirmhalartaithe .i. inbhuanaitheacht / inmharthanacht & timpeallacht / comhshaol<br>• Cruinneas Teanga: Tuiseal Ginideach Uatha .i. fuinneamh inbhuanaithe / inmharthana. Scafall teanga don ábhar díospóireachta. | **Uimhearthacht**<br>• Céatadáin mar aon le gnéithe de mheán, mhodh agus raon (torthaí na suirbhéanna)<br>• Costas na méise roghnaithe a ríomh<br>• Tomhais mar aon le haonaid agus comhábhar á n-ullmhú (dúshlán cócaireachta)<br><br>**Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim**<br>• Dúshlán cócaireachta - líon na gcritéar ratha a mhéadú<br>• Ceisteanna difreálaithe sna suirbhéanna |
| **Acmhainní**<br>• Tairseach (COGG)<br>• Téacsleabhar<br>• TG4 Foghlaim 'Meánleibhéal - Athrú Aeráide'<br>• Suíomh 'Money Matters CCPC' | **Measúnú**<br>• Critéir ratha ailínithe a roinnt ar scoláirí<br>• Ceisteanna an mhúinteora & obair bhaile<br>• Profléitheoireacht piaraí ar phointí plé na díospóireachta (Modh T.A.G.)<br>• Féinmheastóireacht chócaireachta |
| **Trasnú le hÁbhar eile an Churaclaim**<br>• Eolaíocht & Tíreolaíocht - Lorg Éiceolaíoch & Athrú Aeráide<br>• Staidéar Gnó - Cearta & Dualgais an Tomhaltóra, Margaíocht & Lipéadú | **Machnamh an Mhúinteora: Ceisteanna Samplacha**<br>• An raibh na hintinní foghlama roghnaithe oiriúnach don rang?<br>• An athróinn ceann ar bith de na measúnuithe / eispéiris foghlama a úsáideadh? |